Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2024
(OR. en)

5361/1/24
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0002(NLE)**

POLCOM 14
WTO 7
FDI 5

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5353/24 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh a ionchorprú sa Chomhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála – Glacadh |

1. An 10 Eanáir 2024, mheabhraigh an Coimisiún ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht)) gur tugadh an chaibidlíocht a rinneadh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh i gcrích go rathúil an 6 Iúil 2023.

2. Féadfar a chinneadh ag an 13ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála an 26 go dtí an 29 Feabhra 2024 an Comhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh a chur le Comhaontú na hEagraíocht Domhanda Trádála. Dá bhrí sin, ní mór don Chomhairle seasamh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

3. An 11 Eanáir 2024, tharchuir an Coimisiún chuig Ardrúnaíocht na Comhairle a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh a chur leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)[1].

4. An 17 Eanáir 2024, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht)), trí chomhairliúchán i scríbhinn, an togra ón gCoimisiún, faoi réir a athbhreithnithe ag na saineolaithe dlí agus teanga.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 5362/24 é; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.

---

[1] 5353/24